

# Creat Foghlama Digití d'Iar-bhunscoileanna

## Iar-bhunscoileanna – teagasc agus foghlaim

### RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH	RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH
Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaiméoirí	<p>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.</p> <p>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thairgeadh.</p>	<p>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.</p> <p>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thairgeadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/nó tairgí nua a chruthú.</p>
Bíonn an t-eolas, na scileanna agus na meonta riachtanacha ag daltaí chun iad féin agus a gcuid caidreamh a thuiscint	<p>Bíonn dearcadh dearfach ag daltaí i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus tuigean siad na rioscaí agus na teorainneacha féideartha a bhaineann leo.</p> <p>Tuigean daltaí na rioscaí agus na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith i dtimpeallachtaí digiteacha.</p>	<p>Bíonn dearcadh dearfach ag daltaí i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, tuigean siad na rioscaí agus na teorainneacha féideartha a bhaineann leo, agus tá an mhúinín agus na scileanna acu tairbhí a bhaint as na teicneolaíochtaí sin.</p> <p>Bíonn múinín ag daltaí a gcéannacht dhigiteach a chosaint agus a lorg digiteach a bhainistiú.</p>
Léiríonn daltaí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach de réir churaclam na hiar-bhunscoile	<p>Bíonn ar chumas daltaí úsáid a bhaint as raon teicneolaíochtaí digiteacha chun an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a léiriú faoi mar atá riachtanach de réir an tsiollabais, na sonraíochta nó an chúrsa ábhartha.</p> <p>Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha go héifeachtach chun a n-eolas a fhorbairt, agus inniúlacht a bhaint amach ina scileanna agus ina dtuiscint de réir na gcuspóirí, na scileanna agus na gcoincheap sa siollabas, sa tsonraíocht nó sa chúrsa ábhartha.</p>	<p>Leanann daltaí, i gcomhar lena múinteoir agus/nó lena dtuismitheoirí, a riachtanais agus a roghanna foghlama féin le cabhair teicneolaíochtaí digiteacha cuí.</p> <p>Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach an-éifeachtach chun a n-eolas a fhorbairt, agus inniúlacht a bhaint amach ina scileanna agus ina dtuiscint de réir na gcuspóirí, na scileanna agus na gcoincheap sa siollabas, sa tsonraíocht nó sa chúrsa ábhartha.</p>
Éiríonn le daltaí na torthaí foghlama sonraithe a bhaint amach le haghaidh gach ábhair, cúrsa agus cláir	Tugtar aiseolas pearsanta agus tacaíocht idirdhealaitheach do dhaltaí bunaithe ar fhianaise a bhailítear le raon modhanna lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha.	Baineann daltaí úsáid as fianaise a bhailítear le raon modhanna lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha chun an dul chun cinn a thairgeadh agus chun réimsí a aithint ar gá feabhas a chur orthu, agus bíonn deiseanna ag daltaí aghaidh a thabhairt orthu sin leis an múinteoir.
	Baineann daltaí agus/nó tuismitheoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun rochtain a fháil ar fheidhmíocht na bhfoghlaiméoirí ar bhealach sábháilte eiticéil.	Baineann daltaí agus/nó tuismitheoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun torthaí measúnuithe múnlaiteacha agus suimitheacha, féinmheasúnuithe agus piarmheasúnuithe a rochtain, a mheasúnú agus a léirmhíniú.